Comhairle an Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 25 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11508/24**
**COR 1**

**AELE 70**
**EEE 36**
**N 65**
**ISL 44**
**FL 47**
**AND 12**
**MC 6**
**SM 12**
**FEROE 1**
**MI 638**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 11508/24 INIT |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le margadh inmheánach leathnaithe aonchineálach agus maidir le caidreamh an Aontais le tíortha in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad agus le hOileáin Fharó |

Ar leathanaigh 20 agus 21 de 11508/24 INIT, léitear uimhriú na míre mar a leanas:

**<u>OILEÁIN FHARÓ</u>**

**<u>61.</u>** Measann an Chomhairle go gciallaíonn suíomh straitéiseach Oileáin Fharó san Atlantach Thuaidh gur comhpháirtí tábhachtach de chuid an Aontais iad Oileáin Fharó maidir le roinnt beartas an Aontais, lena n-áirítear Beartas Artach an Aontais. Is mór ag an gComhairle an comhar atá ann cheana le hOileáin Fharó i réimsí mar atá an trádáil, an dobharshaothrú, an taighde, an nuálaíocht agus saincheisteanna an Atlantaigh Thuaidh laistigh de réimsí inniúlachtaí na bPáirtithe.

**62.** Is díol sásaimh don Chomhairle gur síníodh an Meabhrán Tuisceana maidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Fharó an 14 Márta 2024. Tugann sí dá haire na príomhthosaíochtaí a liostaítear sa Mheabhrán Tuisceana sin, go háirithe an bhéim ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, ar an athrú aeráide agus ar an gcomhar eolaíoch. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go ndírítear ar a thábhachtaí atá caidreamh cothrom trádála agus bainistiú inbhuanaithe iascaigh.

**63.** Cuireann an Chomhairle i dtreis an imní atá uirthi maidir leis an mbaol d'inbhuanaitheacht na stoc tábhachtach éisc mar shampla, an ronnach agus scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann mar gheall ar chuótaí aontaobhacha ard agus iomarcacha a bheith socraithe agus is olc léi an easpa comhar cuiditheach leis an Aontas i gcaibidlíocht na stát cósta maidir leis na stoic sin. Iarrann an Chomhairle ar Oileáin Fharó dlús a chur lena comhar leis an Aontas trí chreat na stát cósta chun socruithe comhroinnte cothromasacha a áirithiú lena dtacófar le caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe stoc comhroinnte san Atlantach Thoir Thuaidh (an ronnach, scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann agus an faoitín gorm).

**64.** Is díol sásaimh don Chomhairle gur cháin Oileáin Fharó cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin chomh maith leis an gcinneadh ó Oileáin Fharó ailíniú a dhéanamh le bearta sriantacha an Aontais. Molann an Chomhairle d'Oileáin Fharó oibriú chun na bearta sriantacha a chur chun feidhme a thuilleadh chun ailíniú leanúnach a áirithiú.